Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15473/23**

**SOC 781**
**EMPL 558**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>Ceapachán Maaike VAN ETTEKOVEN, comhalta don Ísiltír, in ionad Wiebren van DIJK, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Wiebren van DIJK tar éis éirí as oifig mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Ísiltír).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, agus de bhrí Chinneadh an 21 Meán Fómhair 2020 ón gComhairle [2], beidh na ceapacháin bailí go ceann tréimhse 5 bliana.

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hÍsiltíre le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025:

Maaike VAN ETTEKOVEN
Parnassusplein 5
2511VX den Haag
P.O. Box 90801
2509 LV den Haag The Netherlands
Fón: +31 6 54394980
*Ríomhphost: MvEttekoven@minszw.nl*

4. D'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 21 Meán Fómhair 2020[4], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Wiebren van DIJK as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hÍsiltíre don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[4] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Maaike VAN ETTEKOVEN ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Wiebren van DIJK, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán